

Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin

Straitéis na Gaeilge 2020-2023

Newry, Mourne and Down District Council

Irish Language Strategy 2020-2023



Clár an Ábhair

Intreoir	3
Creat Straitéiseach – Misean, Fís agus Luachanna	3
Cuspóirí Straitéiseacha	4
Creat an tSoláthair	4
Struchtúr agus Rialachas	4
Monatóireacht agus Athbhreithniú	5
Plean Gníomhaíochta	5

1. Intreoir

Aithníonn Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin gurb í dlúthchuid lárnach de chreatlach cultúrtha, oidhreachta agus féiniúlachta, an Ghaeilge. Tá pobal Gaeilge láidir, méadaítheach, ina chónaí, ag obair, ar chuairt, agus ag bualadh le chéile i gceantar na Comhairle.

Tá an Chomhairle fós tiomanta de na cuspóirí leagtha amach i bPolasaí Dátheangachais na Comhairle agus cuireadh na struchtúir riachtanacha i bhfeidhm le cinntiú go mbeidh rath agus bláth inbhuanaithe ar an Ghaeilge agus ar an Ghaelphobal.

Ag tógáil ar Straitéis na Gaeilge 2017 -2019, tá Straitéis na Gaeilge forbartha againn don tréimhse 2020-2023 a leagann amach cad é mar a leanfaidh an Chomhairle:

- ag méadú ar an Ghaeilge atá in úsáid i gcomhlíonadh a cuid feidhmeanna
- an Ghaeilge a úsáid ina cuid cumarsáide leis an phobal agus le páirtithe leasmhara agus
- An Ghaeilge a fhorbairt, a chur chun cinn agus a chothú fud fad an cheantair.

2. An Creatchlár Straitéiseach – misean, fíis agus luachanna

Tá misean na Comhairle i ndá chuid:

- *Comhshaol tacúil a chrúthú do ghnáth-úsáid na Gaeilge i riarachán inmheánach na Comhairle agus ina cuid oibre le comhlachtaí poiblí agus an pobal iad féin.*
- *Caighdeáin chothromaíocht deiseanna a neadú, dul i ngleic le constaicí maidir le heolas agus seirbhísí, forbairt na Gaeilge a chur chun cinn, agus ceannasaíocht a ghríosú le freastail ar riachtanais léirithe de chuid na pobail Gaeilge atá ann, chomh maith leo siúd atá ag teacht chun cinn.*

Is í fíis na Comhairle do Straitéis na Gaeilge 2020-2023 ná:

- *Comhshaol tacúil inbhuanaithe a chrúthú d'úsáid agus d'athghiniúint na Gaeilge sa saol poiblí, pearsanta, eacnamaíochta agus pobail.*

Ar mhaithe le na cuspóirí seo a bhaint amach, glacann muid treoir ó na cúig bunluachanna atá i bPlean Corparáide na Comhairle 2020-2023:

- **Comhoibriú:** Oibreoidh muid i gcomhpháirtíocht le daoine eile
- **Freagrúil:** Éistoidh muid le dearcaí achan duine agus freagróidh muid go hoscailte agus go dearfach iad

- **Comhpháirtíocht:** Oibreoidh muid i gcomhpháirtíocht le cónaitheoirí agus baill foirne le riachtanais a mheas agus ár gcuid seirbhísí a fheabhsú
- **Inmharthanacht:** Cuirfidh muid cruth nua-aimseartha agus athrú ar bhonn ar ár seirbhísí chun an ceantar a fhorbairt don ghlúin seo agus don chéad ghlúin eile; agus,
- **Trédhearcach:** Déanfaidh muid ár gcinnithe agus leithdháileadh acmhainní go hoscailte agus tiocfaidh an t-eolas ó fhianaise neamh-chlaonta.

3. Cuspóirí Straitéiseacha

Is iad an dá chuspóir de chuid Straitéis na Gaeilge 2020-2023 ná:

Cuspóir Straitéiseach a 1: Forbairt na Gaeilge laistigh de Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin agus an ceantair é féin a éascú, a chumasú agus a spreagadh.

Cuspóir Straitéiseach a 2: Teagmháil éifeachtúil a dhéanamh le Pobal na Gaeilge chun ábaltacht an phobail a neartú, comhoibriú agus comhpháirtíocht a spreagadh agus deiseanna maoinithe a aithint.

4. Creat an tSoláthair

4.1 Cuireann an Plean Gnímh in iúl cad é mar a bhainfidh muid an dá chuspóir straitéiseach amach:

- **Gníomhartha dearfacha:** na mionsonraí agus scála na ngníomhartha
- **Measúnú feidhmíochta:** Ag léiriú a éifeachtaí is atá an straitéis ag baint amach na spriocanna atá leagtha amach
- **Torthaí:** Na hathruithe a tharlóidh mar thoradh ar an phlean
- **Freagracht:** Cé atá freagrach as an ghníomh a chur i gcrích
- **Amscála:** Cén uair a chuirfear an gníomh i gcroch

Oibríonn na gníomhartha i dtaca le Plean Corparáide na Comhairle, agus an Polasaí Dátheangachais le húsáid na Gaeilge agus an Bhéarla i gceantar na Comhairle a éascú agus a spreagadh trí:

- Mhéadú de réir a chéile ar rochtain bainteach le seirbhísí agus eolais;
- Chur le cumas na ngrúpaí phobal Gaeilge, rannpháirtíocht chathartha, comhoibriú, agus obair i gcomhpháirtíocht a spreagadh;
- Inbhuanaitheacht agus inmharthanacht earnáil phobal Gaeilge a fheabhsú; agus
- Fhorbairt a dhéanamh ar líonrú idir na pobail Gaeilge agus na hEarnálacha Reachtúla agus Deonacha

- Leithdháileadh buiséid cuí, monatóireacht, measúnú agus athbhreithniú.

5. Struchtúr agus Rialachas

Tá Aonad na Gaeilge sa Chomhairle freagrach as ucht Straitéis na Gaeilge a chur i bhfeidhm. Tá an t-Aonad mar chuid de Rannóg Pholasaí Corparáideach sa Roinn Phleanáil Corparáideach & Pholasaí atá faoi Stiúrtóireacht Seirbhísí Corparáideach do chuid na Comhairle.

Tá ról lárnach ag an Ghrúpa Oibre Traspháirtí um Straitéis na Gaeilge ag plé na modhanna le Straitéis na Gaeilge a chur i bhfeidhm. Níl an t-údarás ag an Ghrúpa Oibre Traspháirtí um Straitéis na Gaeilge cinntí a dhéanamh, ach amháin moltaí a thabhairt. Tá na moltaí a thagann ón Ghrúpa seo curtha faoi bhráid Choiste Straitéise, Polasaí agus Acmhainní do chuid na Comhairle.

6. Monatóireacht agus Athbhreithniú

Beidh tuairiscí ullmhaithe gach sé mhí agus iad á chur faoi bhráid Ghrúpa Oibre Traspháirtí um Straitéis na Gaeilge.

Déanfar athbhreithniú bliantúil ar Straitéis na Gaeilge le deimhniú go bhfuil na gníomhartha agus an buiséad bainteach léi go fóill ábhartha agus cuí.

Aidhm Straitéiseach a 1	An Ghaeilge a chothú agus a ghríosú go himmheánach i gComhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, agus sa cheantar féin			
Gníomh dearfach	Measúnú feidhmíochta	Torthaí	Freagracht	Amscála
<p>1.1 Seirbhísí lárnacha Ghaeilge a chur ar fáil trí hAonad na Gaeilge (AnaG)</p>	<p>Na soláthairtí:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Aistriúchán & Ateangaireacht • Comhairle & Tacaíocht • Taighde faoi: Comharthaíocht / Ainmniú sráide & eastáit tithíochta • Clár le feacht agus tuiscint i leith na Gaeilge a mhéadú • Clár Sheachtain na Gaeilge 	<p>Bunseirbhísí Gaeilge a chur ar fáil don Chomhairle, gach Roinn agus Seirbhís, chomh maith leis an phobal</p> <p>An Ghaeilge agus Aonad na Gaeilge á gcur chun cinn go dearfach agus dul i ngleic le dearchtaí</p> <p>Cur le tuiscint agus eolas i leith an Pholasaí Dátheangeachais, Gnásanna agus Treoirínte</p>	<p>Aonad na Gaeilge (AnaG)</p>	<p>Croíobair leanúnach an Aonaid (AnaG)</p>
<p>1.2 Athbhreithniú ar an Pholasaí Dátheangachais, Gnásanna agus Treoiríntí d'fhostaithe na Comhairle</p>	<p>Polasaí Dátheangachais Athbhreithnithe</p> <p>Gnásanna do chuid an Pholasaí Dátheangachais athbhreithnithe</p> <p>Treoirínte athbhreithnithe d'úsáid na Gaeilge i gComhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin</p>	<p>Aonad na Gaeilge ag cur an Ghaeilge chun cinn i Seirbhísí na Comhairle / constaicí i leith na teanga a shárú</p> <p>Tabhairt faoi leanúnach maidir le cur chun cinn na Gaeilge i measc seirbhísí na Comhairle</p> <p>Caighdeán seasmhach i leith soláthar seirbhísí, ag teacht le treoirínte Bhranda Corparáideach</p> <p>Treoirínte d'fhostaithe na Comhairle</p>	<p>AnaG</p>	<p>Lúnasa 2020</p>

<p>1.3 An Ghaeilge a phríomhshruthú i leith pleananna straitéiseacha agus ghnó, chomh maith le socruithe oibríochta (deiseanna ó thaobh soláthar seirbhísí)</p>	<p>Cruinnithe le Stiúrthóireachtaí / réimse seirbhísí</p> <p>Sonraí na leasuithe / Líon na gclár atá curtha in ord tosaíochta</p>	<p>An dátheangachais a phríomhshruthú go himmheánach i bhfeidhmeanna na Comhairle, agus é seo a bhaint amach go forásach ag úsáid acmhainní atá inacmhainne</p> <p>An Ghaeilge níos so-fheicthe agus á cur chun cinn</p>	<p>AnaG</p>	<p>Márta 2021</p>
<p>1.4 Suíomh idirlín agus meáin shóisialta a fhorbairt agus a chaomhnú</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ascnamh sonraí • Ábhar Gaeilge ar shuíomh agus meáin shóisialta na Comhairle a chur i dtús áite, modhnóireacht a dhéanamh air agus é a uasdhátú 	<p>Suíomh idirlín agus meáin shóisialta dátheangach atá ag feidhmiú</p>	<p>Suíomh idirlín agus meáin shóisialta na Comhairle a fhorbairt, agus é seo a bhaint amach go forásach ag úsáid acmhainní atá inacmhainne</p> <p>Ag feidhmiú agus ag freastal ar riachtanais pobail na Gaeilge sa cheantar agus níos faide i gcéin</p>	<p>AnaG / Cumarsáid agus Margaíocht / Teicneolaíocht Fáisnéise</p>	<p>Márta 2021</p>
<p>1.5 Ullmhú do reachtaíocht i leith na Gaeilge</p>	<p>Cruinnithe le príomh-eagraíochtaí na Gaeilge</p>	<p>A hullmhaithe is atá an Chomhairle dá gcuirfeadh Acht na Gaeilge i bhfeidhm i rith tréimhse na straitéise seo</p>	<p>AnaG / Polasaí Corparáideach</p>	<p>Go leanúnach</p>
<p>1.6 Tuairiscí monatóireachta gach sé mhí le dul faoi bhráid Ghrúpa Oibre Tras-</p>	<p>Tuairiscí monatóireachta déanta</p>	<p>Monatóireacht a dhéanamh ar Straitéis na Gaeilge, chomh maith le hathbhreithniú agus measanú</p>	<p>AnaG / Polasaí Corparáideach</p>	<p>Gach sé mhí le linn na straitéise</p>

Pháirtí um Straitéis na Gaeilge				
<p>1.7 Forbairt acmhainne i leith na Gaeilge / traenáil d'fhostaithe agus Baill Tofa:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Traenáil ar an Pholasáí Dátheangachais, Gnásanna agus Treoirlínte; • Conair Forbairt Proifisiúnta Gaeilge á bhunú ag Acmhainní Daonna d'fhostaithe agus Baill Tofa; • Tacaíocht forbartha leanúnach a chur ar fáil do rannóga na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm Polasáí Dátheangachais do chuid na Comhairle agus gnásanna a bhaineann leis; • Cur chuige traidisiúnta, chomh maith le ríomhfhoghlaim (r-fhoghlaim) 	<p>Ar a laghad dhá cheardlann bliantúil a bhaineann leis an Pholasáí Dátheangachais, Gnásanna agus Treoirlínte i leith úsáid na Gaeilge sa Chomhairle</p> <p>Traenáil i leith scileanna sa Ghaeilge á thairscint mar dheis foghlamtha proifisiúnta agus forbartha</p> <p>Líon na ndaoine a bhfreastalaíonn</p> <p>Pacáiste r-fhoghlaim a fhorbairt</p>	Cuir le scileanna agus eolais na bhfostaithe	AnaG, Oifigeach Traenála & Forbartha – Acmhainní Daonna	Curtha ar fáil agus athbhreithnithe go bliantúil i rith tréimhse na Straitéise
<p>1.8 Prionsabail inchosanta neamh-chlaonta maidir le scileanna Gaeilge a chur i</p>	Líon na bpost a chuireann an Ghaeilge mar chritéar riachtanach nó inmhianaithe	Cuir le scileanna agus eolais na bhfostaithe	Acmhainní Daonna / AnaG / Polasáí Corparáideach	Aibreán 2020

bhfeidhm mar chuid de phróisis earcaíochta agus roghnúcháin				
1.9 Léarscáiliú Infrastruchtúr Phobal na Gaeilge	Comhtháthú léarscáil infrastructúir na Gaeilge le freastal ar fhorbairt phobal na Gaeilge	Cur le heolas i leith Infrastruchtúr Phobal na Gaeilge	AnaG / Rannpháirtíocht Pobail	Leanúnach
1.10 Athbhreithniú ar Straitéis na Gaeilge 2020 - 2023	Athbhreithniú ceithre bliana ar Straitéis na Gaeilge	Monatóireacht, athbhreithniú agus measúnú ar Straitéis na Gaeilge 2020-2023 agus Straitéis na Gaeilge nua a fhorbairt	AnaG / Polasaí Corparáideach	Samhain 2022 – Aibreán 2023

Aidhm Straitéiseach a 2	Teagmháil éifeachtúil a dhéanamh le Pobal na Gaeilge le hacmhainn an phobail a neartú, comhoibriú agus comhpháirtíocht a spreagadh agus deiseanna maoinithe a aimsiú			
Gníomh dearfach	Measúnú feidhmíochta	Torthaí	Freagracht	Amscála
<p>2.1 Tacú le forbairt leanúnach d'Fhóram an Dúin & Oiriaila in earnáil phobail na Gaeilge i gceantar na Comhairle</p>	<p>Méid na gcruinnithe do chuid an Fhórait</p> <p>Líon na ndaoine i láthair</p> <p>Líon na ngrúpaí i láthair</p>	<p>Borradh ar rannpháirtíocht pobail i leith ceisteanna tábhachtacha</p> <p>Fás ar inbhuanaitheacht eagraíochtaí pobail Gaeilge</p>	<p>AnaG</p>	<p>Leanúnach</p>
<p>2.2 Clár Scéim Chúnamh Airgeadais Gaeilge a chur i bhfeidhm</p>	<p>Líon na n-iarratasóirí</p> <p>Líon na n-iarratasóirí rathúla</p>	<p>Forbairt agus athnuachan Phobal na Gaeilge, agus cúnamh airgeadais a úsáid le rannpháirtíocht sa Ghaeilge a spreagadh trí:</p> <p>a) Tionscnaimh a chothaíonn acmhainn an phobail, meantóireacht, agus obair dheonach a fhorbairt. Táthar ag súil go spreagfaidh sé seo comhoibriú idir na pobail Ghaeilge atá forbartha agus pobail Ghaeilge nua, nó atá go fóill ag fás agus ag forbairt, chun acmhainní a roinnt, líonraí a neartú agus obair dheonach a spreagadh.</p>	<p>Aonad na gClár / AnaG</p>	<p>Go bliantúil</p>

		b) Tionscnaimh phobail rannpháirteachas a fhorbraíonn caidreamh dearfach, a mhéadaíonn tuiscint agus feasacht teanga, a théann i ngleic le tuairimí agus a spreagann meas don Ghaeilge.		
2.3 Aird a tharraingt ar deiseanna maoinithe eile do ghrúpaí Gaeilge seachas scéimeanna na Comhairle	Méid na ndeiseanna maoinithe eile, nach ón Chomhairle iad a tharraingítear aird orthu	Tacaíocht a chur ar fáil d'iarratasóirí atá in ann cur isteach ar dheiseanna mhaoinithe nach ón Chomhairle iad	AnaG / Eagraíochtaí maoinithe seachtracha	Go leanúnach
2.4 Deiseanna rannpháirtíocht phobail a scaipeadh go hinmheánach le pobal na Gaeilge	Méid na gcruinnithe le hOifigí Thoghcheantar Áitiúla (TA)	Cultúr de rannpháirtíocht tairbheach a chothú, agus a chur chun cinn i leith phobal na Gaeilge, i measc rannóga na Comhairle ina hiomláine	AnaG / Líonra Thoghcheantar Áitiúla (TA)	Go leanúnach
2.5 Scéim Sparánachta na Gaeilge a chur i bhfeidhm	Méid na n-iarratas Líon na n-iarratasóirí rathúla Méid bronnta	Tacaíocht curtha ar fáil do dhaoine a gcuid scileanna Gaeilge a fheabhsú trí sparánachtaí a chur ar fáil le freastal ar chúrsaí Gaeilge, ina measc coláistí Gaeltachta, dianchúrsaí agus cúrsaí triú leibhéal	AnaG	Go Bliantúil
2.6 Comhoibriú leis an earnáil oideachais	Méid na scoileanna a hoibrítear leo Líon na ndaltaí ag freastal ar cheardlanna	Caidrimh fhiúntach curtha ar bun agus caomhnaithe leis an earnáil oideachais	AnaG / Earnáil oideachais	Go leanúnach

<p>2.7 Rannpháirtíocht phobail</p>	<p>Deiseanna bainteach le dea-chaidreamh a chíoradh, trí thionscnaimh ar nós PEACE IV</p>	<p>Comhtháthú pobail Méadú ar mheas don Ghaeilge</p>	<p>Stiúrthóireacht Phobail Gníomhach & Sláintiúil / AnaG / Aonad na gClár</p>	<p>Go leanúnach</p>
<p>2.8 Tacú le hobair dheonach i bpobal na Gaeilge</p>	<p>Líon na ndaoine a bhfreastalaíonn ar cheardlann / imeacht ceiliúrtha a bhaineann le forbairt agus fás na hearnála deonáí</p>	<p>Oibrithe dheonacha a chuireann seirbhísí Gaeilge ar fáil i gceantar na Comhairle a chur chun cinn</p> <p>Spleáchas ar dheontais a laghdú</p> <p>Méadú ar inbhuanaitheacht eagraíochtaí phobal na Gaeilge</p>	<p>AnaG / Rannpháirtíocht phobail</p>	<p>Go leanúnach</p>